



An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2021  
(OR. en)

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2018/0243(COD)

---

8198/21  
ADD 3

CODEC 594	COAFR 121
CADREFIN 237	COASI 65
FIN 354	CORLX 262
POLGEN 68	COHOM 86
ACP 41	ECOFIN 429
COEST 101	ASIM 28
MAMA 81	MIGR 87
DEVGEN 92	ATO 33
COLAC 32	

#### NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	<p>Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle <b>(an chéad léamh)</b></p> <p>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, agus glacadh an ráitis ar chúiseanna na Comhairle</p> <p>= Ráiteas</p>

---

#### Ráiteas ón Ungáir

Bhí an Ungáir i bhfabhar rialachán NDICI a ghlacadh agus a chur chun feidhme go pras, agus ghlac sí le roinnt comhréiteach le linn na caibidlíochta, agus ag an am céanna, d'aithin sí freisin gur tugadh aghaidh ar an gcuid is mó de na línte dearga a bhí aici. Aontaíonn an Ungáir leis an tuairim go mbeidh ról lárnach ag glic na himirce agus ag forfheidhmiú an chomhair maidir leis an imirce tráth a mbeidh ionstraim ICFCI á cur chun feidhme.

Mar sin féin, tá an-ímní fós ar an Ungáir maidir leis an imirce dhleathach, rud a chumhdaítear i Rialachán ICFCI. Maidir leis an imirce dhleathach, ní féidir neamhaird a dhéanamh de go bhfuil athruithe tromchúiseacha tagtha ar an staid eacnamaíoch agus ar mhargaí saothair an Aontais Eorpaigh mar gheall ar an bpaindéim. Is ábhar ímní é gur chaill na céadta míle saoránach de chuid an Aontais a bpoist ó thosaigh an ghéarchéim. Is í an phaindéim is cúis le héigeandáil sláinte nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe i bhformhór na dtíortha ar domhan, agus is léiriú soiléir í ar an mbaol tromchúiseach don tsláinte a bhaineann le sreabhadh neamhrialaithe sluaite daoine – chomh maith le bheith ina bhagairt thromchúiseach slándála chomh maith. Is é príomhsprioc na hUngáire sa staid chriticiúil seo a saoránaigh féin a chosaint, chomh maith leis an Aontas Eorpach, agus a áitritheoirí uile a chosaint ó thaobh na heipidéimeolaíochta de. Dá bhrí sin, tá cinneadh déanta ag an Ungáir gan tacú le haon chineál imirce dleathaí chuig an Aontas Eorpach ná leis an imirce neamhdhleathach, agus chuir sí i dtreis nach í an imirce dhleathach an réiteach ceart chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin eacnamaíocha agus ar dhúshláin mhargadh an tsaothair. Ina ionad sin, ba cheart díriú ar choinníollacha maithe oibre agus maireachtála a chur ar fáil dár saoránaigh féin. I bhfianaise an tseasaimh thuas, agus gan í a bheith ag iarraidh bac a chur ar ghlacadh Rialachán ICFCI, staon an Ungáir ón vótáil.

Ó thaobh tagairtí do Phleananna Gníomhaíochta an Aontais maidir le hInscne agus do na Conclúidí ábhartha ón gComhairle atá sa rialachán, ní mór a chur in iúl nár thacaigh na Ballstáit uile leis an tríú Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne (GAP III) a ghlac an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí an 25 Samhain 2020, trí bhíthin Conclúidí ón gComhairle. Ós rud é go bhfuil an tríú Plean Gníomhaíochta maidir le hInscne bunaithe ar shainmhíniú ar inscne nach bhfuil ag luí lenár seasamh náisiúnta, ní bheidh an Ungáir rannpháirteach i gcur chun feidhme GAP III.